

I

(Rúin, moltaí agus tuairimí)

TUAIRIMÍ

AN COIMISIÚN EORPACH

TUAIRIM ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Bealtaine 2023

a bhaineann leis an bplean maidir le diúscairt dramhaíola radaighníomhaí a eascraíonn as ceardlann nua AMC2, atá lonnaithe ar láithreán tionscail Tricastin sa Fhrainc

(Is é an téacs Fraincise amháin atá barántúil)

(2023/C 174/01)

Déantar an measúnú thíos de réir fhorálacha Chonradh Euratom, gan dochar d'aon mheasúnú breise atá le déanamh faoin gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus na hoibleagáidí a eascraíonn as agus as an reachtaíocht thánaisteach ⁽¹⁾.

An 6 Iúil 2022 fuair an Coimisiún Eorpach ó Rialtas na Fraince, i gcomhréir le hAirteagal 37 de Chonradh Euratom, na Sonraí Ginearálta a bhaineann leis an bplean maidir le diúscairt dramhaíola radaighníomhaí ⁽²⁾ a eascraíonn as ceardlann nua AMC2.

Ar bhonn na sonraí seo agus na faisnéise breise a d'iarr an Coimisiún an 29 Meán Fómhair 2022 agus a chuir údarais na Fraince ar fáil an 31 Eanáir 2023, agus tar éis dó dul i gcomhairle leis an nGrúpa Saineolaithe, tá an tuairim seo a leanas tarraingthe suas ag an gCoimisiún:

- Is é 170 km an t-achar idir an láithreán agus an teorainn is gaire le Ballstát eile, sa chás seo an Iodáil.
- Le linn gnáthoibríochta, ní dócha go bhféadfaidh na heisiltigh radaighníomhacha leachtacha nó ghásacha a scaoilfeadh go mbeidh nochtadh a bheadh suntasach ó thaobh na sláinte de ann i gcás an daonra i mBallstát eile, i leith na dtorainneacha dáileoige a leagtar síos sa Treoir maidir le Caighdeáin Bhunúsacha Sábháilteachta ⁽³⁾.
- Aistrefar dramhaíl radaighníomhach sholadach chuig saoráidí ceadúnaithe cóireála (ceardlann TRIDENT ag láithreán tionscail Tricastin) nó diúscairt atá lonnaithe sa Fhrainc.

⁽¹⁾ Mar shampla, faoin gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ba cheart na gnéithe comhshaoil a mheasúnú a thuilleadh. Mar sin de, ba mhaith leis an gCoimisiún aird a tharraingt ar fhorálacha Threoir 2011/92/AE maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaoil, arna leasú le Treoir 2014/52/AE; ar Threoir 2001/42/CE maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí pleananna agus clár áirithe ar an gcomhshaoil, agus ar Threoir 92/43/CEE maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú agus ar Threoir 2000/60/CE lena mbunaítear creat le haghaidh ghníomhaíochta an Chomhphobail i réimse an bheartais uisce.

⁽²⁾ Diúscairt dramhaíola radaighníomhaí de réir bhrí phointe 1 de Mholadh 2010/635/Euratom ón gCoimisiún an 11 Deireadh Fómhair 2010 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 37 de Chonradh Euratom (IO L 279, 23.10.2010, lch. 36).

⁽³⁾ Treoir 2013/59/Euratom ón gComhairle an 5 Nollaig 2013 lena leagtar síos na caighdeáin bhunúsacha sábháilteachta maidir le cosaint ar na contúirtí a éiríonn as nochtadh don radaíocht ianúcháin, agus lena n-aisghairtear Treoracha 89/618/Euratom, 90/641/Euratom, 96/29/Euratom, 97/43/Euratom agus 2003/122/Euratom, IO L 13, 17.1.2014, lch. 1).

4. I gcás timpistí den chineál agus den mhéid a mheastar sna Sonraí Ginearálta araon, is é tuairim an Choimisiúin nach dócha go mbeidh cur chun feidhme an phlean sin ina chúis le héilliú radaighníomhach an uisce, na hithreach nó an aerspáis i mBallstát eile a bheadh suntasach ó thaobh na sláinte de, i leith na bhforálacha a leagtar síos sa Treoir maidir le Caighdeáin Bhunúsacha Sábháilteachta.

Mar chonclúid, i dtaca le cur chun feidhme an phlean maidir le diúscairt dramhaíola radaighníomhaí cibé foirm ina bhfuil sí, agus ar dramhaíl í a eascraíonn as ceardlann nua AMC2, atá lonnaithe ar láithreán tionscail Tricastin sa Fhrainc, le linn an ghnáthoibríthe agus i gcás timpistí den chineál agus den mhéid a mheastar sna Sonraí Ginearálta araon, is é tuairim an Choimisiúin nach dócha go mbeidh cur chun feidhme an phlean sin ina chúis le héilliú radaighníomhach an uisce, na hithreach nó an aerspáis i mBallstát eile a bheadh suntasach ó thaobh na sláinte de, i leith na bhforálacha a leagtar síos sa Treoir maidir le Caighdeáin Bhunúsacha Sábháilteachta.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Bealtaine 2023.

Thar ceann an Choimisiúin

Kadri SIMSON

Comhalta den Choimisiún
